Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Meitheamh 2022**
**(OR. fr)**

**9898/22**

**ENER 282**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | An staid fuinnimh san Aontas i gcomhthéacs an chogaidh san Úcráin - Malartú tuairimí |

**Nóta cúlra – an Chomhairle ITF (Fuinneamh) an 27 Meitheamh 2022**

Ó thosaigh an cogadh san Úcráin, moladh roinnt ionstraimí chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá roimh shlándáil an tsoláthair san Aontas Eorpach, amhail an Comhardán Ceannaithe Gáis nó an Rialachán maidir le Stóráil Gáis. Tá an méid sin sa bhreis ar na sásaí comhordúcháin agus dlúthpháirtíochta atá ann cheana féin, go háirithe i gcomhthéacs an Rialacháin maidir le slándáil an tsoláthair gáis. Rinne an Grúpa Comhordaithe Gáis agus an Coimisiún anailís tosaigh ar rioscaí agus ar ullmhacht na mBallstát agus ar an ullmhacht ar an leibhéal Eorpach, bíodh sin chun soláthairtí malartacha a áirithiú nó chun an t-éileamh a laghdú.

Rinneadh malartú tuairimí maidir le staid an tsoláthair agus leibhéal ullmhachta an Aontais ag cruinnithe den Chomhairle ITF (Fuinneamh) an 28 Feabhra agus an 2 Bealtaine. An 18 Bealtaine, thíolaic an Coimisiún plean REPowerEU chun an Eoraip a dhéanamh neamhspleách ar bhreoslaí iontaise na Rúise i bhfad roimh 2030, i bhfianaise ionradh na Rúise ar an Úcráin, trí ghníomhaíocht chomhpháirteach Eorpach i gcomhair fuinneamh atá níos inacmhainne, níos sláine agus níos inbhuanaithe. Luaigh an Chomhairle Eorpach an 30 agus an 31 Bealtaine 2022, de mheon na dlúthpháirtíochta Eorpaí, gur cheart feabhas a chur ar an ullmhacht le haghaidh mórshuaitheadh soláthair a d'fhéadfadh teacht agus ar athléimneacht mhargadh gáis an Aontais, go háirithe trí theacht gan mhoill ar chomhaontú maidir le comhaontuithe déthaobhacha dlúthpháirtíochta agus maidir le plean teagmhasach Eorpach comhordaithe, agus gur cheart, leis sin, a áirithiú go maolófaí suaitheadh mór ar an soláthar. Agus rialachán an Aontais maidir le cinnteacht an tsoláthair agus gníomhaíochtaí comhordaithe nua a rinneadh cheana féin maidir le soláthairtí agus stóráil mhalartach á gcur san áireamh, leis an bplean sin d'fhéadfaí an laghdú ar éileamh a chomhordú chun géarchéim sholáthair a chosc.

Leis an díospóireacht sin a bheidh ag na hairí, beidh deis ann gníomhaíochtaí breise a d'fhéadfadh a bheith ann a mheas maidir le hullmhúcháin in earnáil an gháis nádúrtha, go háirithe i bhfianaise an tséasúir téimh atá le teacht.

Iarrfar ar na hairí a dtuairimí a chur in iúl maidir le dhá cheist go háirithe:

1- I bhfianaise na bhforbairtí is déanaí in earnáil an gháis nádúrtha, cad é do thuairim ar an staid ina bhfuil tú faoi láthair agus ar staid an Aontais Eorpaigh?
2- Cad iad na gníomhaíochtaí breise a bheadh úsáideach chun feabhas a chur ar ullmhacht an Aontais san earnáil seo, lena n-áirítear iad siúd atá le cur san áireamh sa phlean éigeandála Eorpach comhordaithe atá dírithe ar an éileamh roimh agus le linn géarchéim sholáthair, i bhfianaise an tséasúir téimh atá le teacht?